Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2016
(OR. en)

13505/1/16
REV 1 ADD 2

LIMITE

AVIATION 215
CODEC 1490
RELEX 867

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0277 (COD)

PUBLIC

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13505/1/16 REV 1 AVIATION 215 CODEC 1490 RELEX 867 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14991/15 AVIATION 152 CODEC 1667 RELEX 1014 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, ráiteas comhpháirteach a rinne an Iodáil agus an Bheilg i gcruinniú COREPER an 16 Samhain 2016, atá le cur isteach i miontuairiscí COREPER/na Comhairle.

**Ráiteas ón Iodáil agus ón mBeilg maidir le hAirteagal 109 (f)**

Tá iarracht déanta ag an Iodáil agus ag an mBeilg Airteagal 109(f) a choinneáil agus molann siad dhá théacs comhréitigh lena ndírítear ar úsáid réasúnach acmhainní agus neodracht costais a bhaint amach d'úsáideoirí aerspáis maidir le muirir a ghearrann Eurocontrol.

Tá an Iodáil agus an Bheilg ag aontú le cúraimí maoirseachta a bhaineann le cúraimí rialála seachas gníomhaíochtaí déanta rialacha a dhéanann EASA faoin gcóras BAT/SAL a bheith le maoiniú trí mhuirir a chur ar úsáideoirí eitlíochta. Dá mba rud é go ndiúltófar don phrionsabal sin a chur i bhfeidhm ar na cúraimí atá ar údaráis BAT/SAL agus a d'fhorbair an Ghníomhaireacht chuirfí pionós ar cháiníocóirí an Aontais Eorpaigh.

Ag an am céanna, admhaíonn an Iodáil agus an Bheilg go bhfuil gá le maoiniú breise a thabhairt do EASA chun go mbeidh sí in ann plé le gníomhaíochtaí déanta rialacha BAT/SAL. Is féidir é sin a mhaoiniú ar bhonn sealadach tríd an gcóras um muirir a chur ar úsáideoirí, ar choinníoll go ráthaítear an neodracht costais. Ionas go mbeidh siméadracht ann idir réimsí eile eitlíochta áfach, ba cheart maoiniú buan a thabhairt do ghníomhaíochtaí déanta rialacha trí mhuirir a ghearrtar ar úsáideoirí.

Chomh maith leis na Ballstáit sin a thacaigh leis an dara moladh uainn i leith comhréitigh, aithníonn an Iodáil agus an Bheilg freisin gur chuir grúpa Ballstát in iúl go bhfuil sé ar intinn acu an rogha sin a choinneáil agus tá a seasamh deiridh bunaithe ar an treochlár uile-Eorpach de chuid an Choimisiúin-EASA-Eurocontrol a raibh sé de chuspóir leis soiléiriú a dhéanamh ar na cúraimí a aistríodh ó Eurocontrol chuig EASA ionas nach mbeadh forluí idir an dá institiúid.

Ba cheart na muirir úsáideora a ghearrtar ar EASA a chinneadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta do Chóras Feidhmíochta BAT/SAL, rud a chiallaíonn nach mór Plean Feidhmíochta sonrach a fhorbairt do EASA. Ba cheart do na Ballstáit an t-airgead a bhailiú agus a thabhairt do EASA ansin, mar a tharlaíonn i gcás ranníocaíocht a dhéanamh le haghaidh Eurocontrol.

Aithníonn an Iodáil agus an Bheilg freisin gur thacaigh Parlaimint na hEorpa le hAirteagal 109 (f) a choinneáil, is é sin le rá gur thacaigh formhór na ngrúpaí polaitiúla agus na dtoscaireachtaí náisiúnta le linn na vótála ag Coiste Iompair Pharlaimint na hEorpa ar an 10 Samhain 2016.